



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

TUAIRISC BHLIANTÚIL 2011

publicjobs.ie



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

D'fhoilsigh an tSeirbhís Um Cheapacháin Phoiblí ar dtús in 2012

© 2012 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Gach ceart ar cosaint.

Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh nó a
chraoladh i leagan ar bith nó ar aon bhealach, leictreonach nó meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil,
taifeadadh nó aon chóras stórála eolais nó aisghabhála gan cead scríofa a fháil ón tSeirbhís um
Cheapacháin Phoiblí



ÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	4
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	5
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	7
Ár Straitéis 2008 - 2010	10
Na Caighdeáin is Airde i gCórais Earcaíochta agus Roghnaithe	12
Bainistíocht an Chaidrimh Dírithe ar an Iarrthóir	20
Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil	22
Straitéisí Tacaíochtaí Inmheánacha	24
Aguisíní	31

Ráiteas an Chathaoirligh

Ta áthas orm ar mo shon féin agus ar son Bhaill eile an Bhoird, Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) 2011 a chur i láthair.

Ó tugadh isteach moratóir an Rialtais maidir le hearcaíocht agus ardú céime, tháinig athrú mór ar líon agus ar an cineál earcaíochta atá ar siúl ag PAS ar son na gcliant. Sa bhliain 2011 lean PAS dá n-iarrachtaí comhlachtaí poiblí a mhealladh chun a seirbhísí a úsáid lena chinntiú go ndéanfaí an earcaíocht sa tseirbhís phoiblí (cé go bhfuil sé teoranta) tríd PAS, chun go mbainfí an úsáid is fearr as acmhainní. Bhí PAS i dteagmháil le cliaint reatha agus nua lena chinntiú go mbainfeadh na heagraíochtaí seo úsáid as seirbhísí éagsúla roghnaithe, tástála agus earcaíochta PAS agus iad ag tabhairt faoi earcaíocht. Leathnaigh an eagraíocht a réimse trí sheirbhísí a chur ar fáil do níos mó cliant sa tseirbhís phoiblí. D'éirigh le PAS iarrthóirí a bhí cáilithe go maith a mhealladh d'fheachtais earcaíochta a reáchtáladh le linn 2011. Tá sonraí faoi na gníomhaíochtaí earcaíochta seo leagtha amach sa tuarascáil seo.

Dála comhlachtaí eile sa tSeirbhís Phoiblí, scrúdaigh PAS slite eile chun costas a laghdú agus an úsáid is mó a bhaint as ár n-acmhainní chun tairbhe na seirbhíse poiblí. Mar fhreagra ar athruithe i ngníomhaíochtaí gnó, rinne an eagraíocht gach iarracht líon na mball foirne agus costas a laghdú. Ag deireadh na bliana 2011, laghdaíodh líon na mball foirne go dtí 91. Chuir PAS agus eagraíochtaí eile sa tseirbhís phoiblí béim níos mó ar an suíomh gréasáin www.publicjobs.ie a úsáid, rud a chuir ar chumas PAS costas fógraíochta a laghdú.

Bhí sé ar ár gcumas é seo a dhéanamh mar gheall ar an tiomantas, an díograis agus an solúbthacht a léirigh ár mbaill foirne a ghlac go gasta leis na cúinsí a bhí ag athrú trí obair sa bhreis a dhéanamh agus a bheith sásta oibriú in eagraíochtaí eile.

Bíonn PAS de shíor ag feabhsú na seirbhísí a sholáthraítear do chliant agus don phobal agus leanadh ar aghaidh sa bhliain 2011 ag déanamh comparáide le comhlachtaí roghnaithe agus earcaíochta eile.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom ar son an Bhoird, aitheantas a thabhairt d'obair an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUasal Bryan Andrews, agus d'fhoireann uile na hoifige as seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar d'ár gcustaiméirí. Tá a fhios agam go leanfaidh an eagraíocht ag forbairt agus go soláthrófar na spriocanna dúshlánacha a leag siad amach dóibh féin ina Ráiteas Straitéise nua. Mar aon le Baill eile an Bhoird, tá mé ag súil le cur le hobair agus le forbairt na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí sna blianta amach romhainn.

An tUasal Eddie Sullivan
Cathaoirleach
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Bhí dúshláin mhóra eacnamaíocha ann sa bhliain 2011 ach d'oibrigh PAS go dícheallach lena chinntiú gur sholáthair an eagraíocht seirbhísí ar ardchaighdeán agus luach ar airgead do chliant san earnáil phoiblí agus rinneadh sár-iarrachtaí líon na mball foirne agus costas a laghdú (laghdaigh líon na mball foirne 12% sa bhliain 2011).

Lean muid i rith na bliana ag cur leis an bhranda **publicjobs.ie** agus spreag muid eagraíochtaí éagsúla a mhaoiniú go poiblí chun an suíomh a úsáid go hiomlán chun deiseanna earcaíochta a fhógairt. Thug muid tacaíocht do roinnt mhaith eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí maidir le seirbhísí comhairleacha agus tástála.

Bhí baint mhór ag PAS le hathimlonnú a chur chun cinn chun soláthar seirbhísí poiblí a choinneáil ag an am céanna le laghdú i líon na n-uimhreacha sa tseirbhís phoiblí. Chuir PAS córas i bhfeidhm chun eolas a bhailiú maidir le baill foirne a bheith ar fáil d'athimlonnú agus eolas faoi fholúntais atá ceadaithe a thabhairt do dhaoine a bheadh oiriúnach.

Sa bhliain 2011, bhí baint níos mó ag PAS le tacaíocht a thabhairt don Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC) a feidhmeanna a chomhlíonadh maidir le hearcaíocht oscailte ag leibhéal an Ard-Rúnaí agus an Ard-Rúnaí Cúnta. D'éirigh leis na feachtais seo agus le feachtais earcaíochta ardfheidhmiúcháin eile, iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh agus d'éirigh linn poist thábhachtacha sa tseirbhís phoiblí a líonadh.


Lean PAS freisin ag tabhairt tacaíochta d'FnaSS maidir le comhairligh leighis a earcú agus le poist thábhachtacha thúsleá eile san Earnáil Sláinte. Bhí siad páirteach fosta maidir le hearcaíocht a lárú do Dhochtúirí Neamhchomhairleacha Ospidéal agus d'Altraí Foirne.

Bhí PAS gníomhach maidir leis an chlár seirbhísí earcaíochta comhroinnte le heagraíochtaí sa tSeirbhís Phoiblí nach dtagann faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí a chur chun cinn, agus rinneadh teagmháil le heagraíochtaí éagsúla maidir le húsáid a bhaint as scileanna, taithí agus acmhainní PAS chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí teoranta earcaíochta atá ann. D'éirigh le PAS cliant nua sa tseirbhís phoiblí a mhealladh agus a choinneáil dá sheirbhísí, rud a shábháil roinnt mhaith airgid do na heagraíochtaí seo agus a mhéadaigh an "luach breise" a sholáthraíonn PAS don Stáitchiste.

Lean PAS ar aghaidh leis an bhaint atá acu le daoine a roghnú le hainmniú ar Bhoird Stáit, maidir le próisis roghnaithe a réachtáil nó i dtaca le cuidiú / comhairle a thabhairt do Ranna / Gníomhaireachtaí ag réachtáil na bpróiseas sin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil go háirithe lenár mbaill foirne ar fad as a ngairmiúlacht, a solúbthacht, a ndian-obair agus a ndíograis don eagraíocht le bliain.

D'éirigh Bryan Andrews, Iar-Phríomhfheidhmeannach as le gairid. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Bryan as an sár-obair a rinne sé i PAS ó ceapadh é i mí Aibreáin 2000 go dtí gur éirigh sé as i mí Feabhra 2012. D'fhág sé ina dhiaidh eagraíocht ghairmiúil earcaíochta a sholáthraíonn seirbhís ar ardchaighdeán do chliant sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.



Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair agus don sár-thacaíocht a thug an Bord domsa, do mo réamhtheachtaí agus don Fhoireann Bhainistíochta faoi stiúir an Chathaoirligh, Eddie Sullivan. Tá mé ag súil le bheith ag obair i ndlúthpháirt leis an Bhord lena chinntiú go leanfaidh PAS mar lárionad seirbhíse earcaíochta comhroinnte atá éifeachtach agus éifeachtúil don tseirbhís phoiblí.

Tá sé tábhachtach an obair shuntasach a rinne daoine ó réimsí éagsúla a oibríonn mar bhaill de Bhoird Agallaimh do PAS a aithint. Déanann roinnt mhaith de na daoine sin an obair ar bhun deonach chomh maith lena ndualgais laethúla agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil dá dtiomantas agus dá ndíograis do mhisean agus do chúram na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí .

Fiona Tierney
Príomhfheidhmeannach



An tSeirbhís Um Cheapacháin Phoiblí

Ár Misean

Soláthróidh muid seirbhísí earcaíochta, roghnúcháin agus acmhainní daonna bainteacha ar ardchaighdeán a thacóidh le fás seirbhíse poiblí den scoth.

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i mí Dheireadh Fómhair 2004 nuair a cuireadh críoch le hOifig Choimisiún na Státseirbhíse agus le Coimisinéirí na gCeapacháin Phoiblí tríd an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an eagraíocht lárnach a chuireann seirbhísí earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin ar fáil don Státseirbhís. Cuirimid seirbhísí earcaíochta agus seirbhísí acmhainní daonna bainteacha ar fáil d'Údaráis Áitiúla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, don Gharda Síochána agus do chomhlachtaí poiblí eile.

Baill an Bhoird

Ó mhí Eanáir 2011 go dtí mí Feabhra 2011

- **An tUasal Eddie Sullivan**,
Cathaoirleach, Iar-Ard-Rúnaí,
Bainistíocht agus Forbairt na
Seirbhíse Poiblí, An Roinn Airgeadais
- **An tUasal Bryan Andrews**,
Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse
um Cheapacháin Phoiblí
- **An tUasal Michael Errity**,
Rúnaí Cúnta, An Roinn Airgeadais
- **Iníon Breda Power**,
Rúnaí Cúnta, An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
- **An tUasal Des Dowling**,
Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil,
Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- **An tUasal Bernard Carey**,
Rúnaí Cúnta, An Roinn Sláinte agus
Leanaí
- **An tUasal Dan Murphy**,
Iar-Ard-Rúnaí, Cumann
Fheidhmeannaigh na Seirbhíse
Poiblí
- **Iníon Bernie Gray**,
Cathaoirleach, Eirgrid
- **Iníon Michelle Shannon**,
Stiúrthóir Náisiúnta, Seirbhís Cearta
Óige na hÉireann

Ó mhí Mheán Fómhair 2011 go dtí mí na
Nollag 2011

- **An tUasal Eddie Sullivan**,
Cathaoirleach, Iar-Ard-Rúnaí,
Bainistíocht agus Forbairt na Seirbhíse
Poiblí, An Roinn Airgeadais
- **An tUasal Bryan Andrews**,
Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse
um Cheapacháin Phoiblí
- **Iníon Patricia Coleman**,
Stiúrthóir, An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe
- **An Dr. Deirdre O’Keeffe**,
Rúnaí Cúnta, An Roinn Dí agus Cirt
agus Comhionannais
- **An tUasal Des Dowling**,
Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil,
Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- **An tUasal Seán McGrath**,
Stiúrthóir Náisiúnta AD,
Feidhmeannacht na Seirbhíse Poiblí
- **An tUasal Dan Murphy**,
Iar-Ard-Rúnaí, Cumann
Fheidhmeannaigh na Seirbhíse Poiblí
- **An Dr. Eddie Molloy**,
Sainchomhairleoir Bainistíochta
- **Iníon Judith Eve**,
Iar-Chathaoirleach Choimisinéirí
Státseirbhíse Thuaisceart Éireann



An Coiste Comhairleach Bainistíochta

- ◆ **An tUasal Bryan Andrews,**
Príomhfheidhmeannach
- ◆ **Iníon Mary Flynn,**
Ceannasaí ar Bhainistíocht na nOibríochtaí agus ar Chaidreamh le Cliant
- ◆ **Iníon Áine Gray**
Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe
- ◆ **An tUasal Tommy Quinn**
Ceannasaí ar Earcaíocht Ardfheidhmeannach
- ◆ **An tUasal Pádraig Love**
Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha, Cumas Straitéiseach agus Forbairt Eagraíochta



Ár Straitéis

Ár Straitéis

Spríoc Foriomlán: Cuirfidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí córas gairmiúil earcaíochta ar chaighdeán idirnáisiúnta ar fáil dá gcliaint ar fud na seirbhíse poiblí

Spríoc 1: Córais Earcaíochta agus Roghnaithe ar Ardchaighdeán

An caighdeán is airde agus na réitigh earcaíochta is éifeachtaí a chinntiú, a mheallfaidh na daoine is fearr chuig poist sa tseirbhís poiblí.

Spríoc 2: Bainistíocht an Chaidrimh Dírithe ar an Iarrthóir

Seirbhís a shásóidh agus a sháróidh ionchas, a chur ar fáil d'iarrthóirí ar phoist san earnáil poiblí.

Spríoc 3: Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil

A chinntiú go bhfuil seirbhís oideachais agus taighde i bhfeidhm a sholáthróidh eolas cuí agus úsáideach a chuirfidh leis an bhunachar eolais a bhaineann le hacmhainní daonna sa tseirbhís poiblí.

Straitéisí Tacaíochta Inmheánacha a chabhróidh chun na spriocanna seo a bhaint amach

- ◇ Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- ◇ Dea-chleachtas na nAcmhainní Daonna agus Tacaíocht do Bhaill Foirne
- ◇ Airgeadas agus Rialachas Corparáideach

SPRIOC 1:

Córais Earcaíochta agus Roghnaithe ar Ardchaighdeán

Córais Earcaíochta agus Roghnaithe ar Ardchaighdeán

An caighdeán is airde agus na réitigh earcaíochta is éifeachtaí a chinntiú a mheallfaidh na daoine is fearr chuig poist sa tseirbhís phoiblí

Aithníonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le daoine a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha agus an taithí chuí acu, a fháil agus a shainaithint (trí ath-implonú agus trí earcaíocht) chun poist a ghlacadh ag gach leibhéal chun go mbeidh todhchaí éifeachtach agus rathúil ag Seirbhís Phoiblí na hÉireann. Aithnímid go bhfuil sé riachtanach go mbeadh cliaint bainteach leis na bpróiseas agus go gcaithfidimid ár seirbhísí a chur i bhfeidhm ar dhóigh níos éifeachtaí agus níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

Sa bhliain 2011 bhí PAS i dteagmháil go gníomhach lenár gcliaint sa tseirbhís phoiblí lena chinntiú go raibh ár seirbhísí in oiriúint do riachtanais ár gcustaiméirí agus gur soláthraíodh iad ar ardchaighdeán.

De bharr an mhoratóra ar earcaíocht níor líonadh ach poist thosaíochta (roinnt mhaith post ag leibhéal sinsearach san áireamh) sa Státseirbhís agus lean an laghdú mór i líon na gceapachán a rinneadh.

Bhí baint shuntasach leanúnach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le FnaSS le linn 2011 go háirithe i dtaca le hearcaíocht do Chomhairligh agus do phoist riachtanacha eile.

Tá an tÚdarás Áitiúil fós ag iarraidh ar an oifig cabhair a thabhairt maidir le poist a bhfuil tosaíocht acu a líonadh.

Sa bhliain 2011 lean PAS ar aghaidh den phróiseas roghnaithe do cheapacháin ar Bhoird Stáit (a thosaigh sa bhliain 2009). Creidimid gur réimse í seo inar féidir ár saineolas a úsáid chun comhaltaí boird ar ardchaighdeán atá tiomanta ar an tseirbhís phoiblí a fháil agus a roghnú.

Earnáil na Státseirbhíse

Le linn na bliana mealladh beagnach 15,000 iarrthóir chun iarratas a dhéanamh ar fholúntais nó ar dheiseanna ar ardú céime ar fud na Státseirbhíse. Tar éis an choisc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí, níor líonadh ach poist riachtanacha; dá bharr sin tháinig laghdú mór ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí.

Reáchtáil PAS feachtas mór d'Oifigigh Chléireachais shealadacha (fuarthas os cionn 13,000 iarratas).

Fógraíodh comórtas dúnta d'Oifigeach Cúnta d'Fhostaithe. Fuarthas **244** iarratas agus críochnaíodh na hagallaimh i mí Dheireadh Fómhair.

Bhí PAS páirteach i mbaill foirne a ath-implonú sa státseirbhís. B'éigean baill foirne sa bhreis ó Roinn/Oifig a aistriú chun folúntais thosaíochta a líonadh i Ranna/Oifigí eile.

Tugadh cuireadh do Ranna, sonraí faoi bhaill foirne a roghnaíodh le bheith ar fáil d'athimplonú a uaslódáil chuig bunachar sonraí an phainéil acmhainní. Is féidir le

gach roinn teacht ar bhunachar sonraí tríd thairseach cliaint publicjobs.ie. Ag deireadh na bliana 2011, bhí 80 ball foirne tar éis athimlonnadh agus bhí 397 ball foirne ar an Phainéal Acmhainní.

Líonadh roinnt post tosaíochta ardbhainistíochta sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí trí phróiseas iomaíochta le linn na bliana. Orthu siúd bhí:

- ◇ Príomh-Aturnae Stáit
- ◇ Príomhfheidhmeannach, An Bord Altranais
- ◇ Máistir Fómhais don Ard-Chúirt
- ◇ Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- ◇ Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Coimisiún Meabhairshláinte
- ◇ Cathaoirleach, An Bord Pleanála
- ◇ Stiúrthóir – An Chomhairle Ealaíon
- ◇ Stiúrthóir, An Gailearaí Náisiúnta
- ◇ Stiúrthóir, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
- ◇ Stiúrthóir Iompair Phoiblí, An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Earcaíocht don Gharda Síochána

Léiríodh suim leanúnach i gCúltaca an Gharda Síochána agus próiseáladh iarratais ar feadh na bliana 2011.

Cuidiú don Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC)

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag cuidiú fós le TLAC maidir le hiarrthóirí a roghnú do phoist ag an leibhéal is sinsearaí sa Státseirbhís. Rinneadh obair ar leith sa bhliain 2011 maidir le feachtais a raibh próifil ard acu a chabhraigh le TLAC poist shinsearacha a líonadh sna ranna/oifigí seo:

- ◇ An Roinn Airgeadais
- ◇ An Roinn Coimirce Sóisialaí
- ◇ Roinn an Taoisigh

- ◇ Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- ◇ An Roinn Oideachais
- ◇ Tithe an Oireachtais
- ◇ An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- ◇ An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- ◇ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- ◇ An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- ◇ An Roinn Sláinte

Bhí PAS i dteagmháil leis an Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil nua lena chinntiú go leanfadh PAS ag soláthar na seirbhíse atá riachtanach chun tacaíocht a thabhairt d'earcaíocht agus do mheasúnú do phoist shinsearacha Státseirbhíse.

Údarás Áitiúil

Tháinig laghdú mór ar earcaíocht in earnáil an Údaráis Áitiúil. Líonadh na poist riachtanacha seo:

- ◇ Leabharlannaí Contae
- ◇ Oifigeach Tréidliachta Contae
- ◇ Príomhoifigeach Cúnta Sinsearach Dóiteáin
- ◇ Stiúrthóir Seirbhísí
- ◇ Oifigeach Forbartha Eacnamaíoch
- ◇ Maoirseoir Cathrach Páirceanna
- ◇ Maoirseoir Sinsearach Páirceanna
- ◇ Cúntóir Pleanála
- ◇ Oifigeach Ealaíon Cathrach

Earnáil Sláinte

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ina cliant tábhachtach go fóill ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Lean an socrú a rinneadh cheana le FnaSS inár ceapadh bainisteoir sinsearach ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le comhairle a thabhairt ar gach gné a bhain le hearcaíocht agus roghnúchán agus le Gairm-Shíceolaí ar iasacht chun comhairle agus seirbhísí gairmiúla a sholáthar ar bhonn náisiúnta, in 2011. Baineadh leas

mór as an socrú seo agus tuigtear go leanfaidh an socrú ar feadh tamall gearr eile.

Lean an eagraíocht ag earcú pearsanra leighis agus paraileighis ar ardchaighdeán d'ospidéal agus do shaoráidí leighis ar fud na tíre lena n-áirítear roinnt mhaith post mar Chomhairligh Ospidéal. Orthu siúd bhí:

- ◇ 115 Comhairleach Ospidéal
- ◇ 4 Shainchomhairleoir le Leigheas Sláinte Poiblí
- ◇ 3 Phríomheolaí Leighis
- ◇ 1 Lia Oftalmach Poiblí
- ◇ 35 Stiúrthóir / Stiúrthóir Cúnta Altranais
- ◇ 3 Fhisiceoir
- ◇ 2 Chógaiseoir
- ◇ 2 Phríomhoibrí Sóisialta
- ◇ 1 Teiripeoir Urlabhra agus Teanga – Comhairleoir Measúnaithe
- ◇ 1 Bainisteoir Teiripe Saothair
- ◇ 19 Teiripeoir Radaíochta
- ◇ 11 Teiripeoir Radaíochta le Speisialtacht Cliniciúil
- ◇ 2 Bhainisteoir le Seirbhís Radagrafaíochta
- ◇ 1 Bainisteoir Náisiúnta
- ◇ 5 Theicneoir le hInnealtóireacht Chliniciúil
- ◇ 1 Príomhtheicneoir le Tomhas Néarfhiseolaíoch

Faoi chomhshocrú nua, thug PAS tacaíocht d'FnaSS maidir le Dochtúirí Neamhchomhairleacha Ospidéal (DNCO). Bhí sé mar aidhm ag an chóras nua seo córas simplí lárnach iarratais agus earcaíochta a chur i bhfeidhm do phoist DNCO in ospidéal FnaSS. Chinntigh seo nach ndearnadh ach agallamh amháin ar DNCO a rinne iarratas ar ospidéal de chuid FnaSS agus nach bhfaigheann siad ach tairiscint amháin ar phost sealáíochta sa chéad, dara nó tríú rogha ar ospidéal (ag brath ar fholúntais). Cuireadh an próiseas seo in áit an phróisis roimhe seo nuair a rinne iarrthóir a lán iarratas, d'fhreastal sé/sí ar a lán agallamh agus uaireanta fuair siad a lán tairiscintí ó ospidéal éagsúla de chuid FnaSS.

Faoin bpróiseas nua tá PAS in ann tuairiscí cruinne agus in am a thabhairt d'FnaSS faoin bpróiseas earcaíochta agus san áireamh sa mhéid sin ospidéal a fhaigheann líon beag iarratas do phoist a shainaitheint. Níorbh fhéidir an t-eolas sin a fháil faoin chóras díláraithe roimhe seo. Bhí an córas roimhe seo an-chostasach agus cuireadh a lán ama amú d'FnaSS agus don DNCO féin.

Feachtas leanúnach atá ann agus tharla cúig bhabhta earcaíochta le linn 2011. D'fhorbair an próiseas le gach babhta agus dá bharr bhí PAS in ann an córas nua earcaíochta a ceapadh go speisialta do DNCO a úsáid. Mheall an córas nua líon mór iarrthóirí don chuid is mó de na poist (poist a bhí an-deacair a líonadh roimh ré, san áireamh).

Chuidigh PAS le FnaSS freisin maidir le hAltraí Foirne a earcú d'fholúntais a tharla in 2011.

Ag deireadh na bliana 2010, d'iarr FnaSS ar PAS roinnt feachtas a reáchtáil ó staid an fhógra go dtí staid na n-agallamh den phost. Lean seo ar aghaidh sa bhliain 2011.

Cabhair a thabhairt leis an Phróiseas Roghnaithe do Bhoird Stáit

Lean PAS ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do Ranna agus d'Oifigí maidir le hearcaíocht ar Bhoird Stáit. Orthu siúd:

- D'fhógair PAS post mar bhall den Fóram Náisiúnta lascaigh Intíre ar son Bhord lascaigh Intíre na hÉireann.
- Chuidigh PAS leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir leis an phróiseas daoine a mholadh do cheapacháin i gcumas neamhfheidhmiúcháin chuig ceithre Ghníomhaireacht Stáit faoi choimirce na Roinne. An tÚdarás Forbartha Tionscail, Bord na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí, Bord Fhorbairt Shionainne agus Bord Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na

hÉireann. Tugadh roinnt ainmneacha don Aire maidir le gach gníomhaireacht tar éis gearrliostú a dhéanamh.

- Chuidigh PAS leis an phróiseas ceapacháin chuig an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi choimirce na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Earcaíocht Eile san Earnáil Phoiblí

Sa bhliain 2011, chuir PAS seirbhísí comhroinnte ar fáil do gach cliaint sa tseirbhís phoiblí. Mhéadaigh líon na n-eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí a d'úsáid an tseirbhís seo. Orthu siúd:

- Chuidigh PAS leis na feachtais chun folúntais a líonadh do: Uachtarán, Institiúid um Ealaíon, Dearadh agus Teicneolaíocht, Uachtarán, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.
- Feachtais do Cheannasaí ar TCF agus réimse post mar Oifigeach Taighde / Teicneoir / Ceimiceoir le Teagasc.
- Feachtais do HIQA chun Bainisteoir do Thaighde Eitice agus Cigire Caighdeán a cheapadh.

Seirbhísí Comhairleacha agus Tástála sa Bhreis

Soláthraíodh réimse breise seirbhísí comhairleacha agus tástála do chomhlachtaí seirbhíse poiblí sa bhliain 2011. Pléitear iad thíos:

- ◇ Thug PAS cuidiú d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus don Roinn Coimirce Sóisialaí ag an chéad staid den roghnú d'ardú céime inmheánach. Rinne PAS bainistíocht tríd publicjobs ar iarratais, rinne siad bainistíocht agus riarachán ar thrialacha roghnaithe agus thug siad torthaí do gach roinn as a

dtógann siad iarrthóirí le haghaidh agallaimh.

- ◇ Shocraigh PAS cuidiú le hOÉ Gaillimh agus OÉ Maigh Nuad lena bpróisis earcaíochta do bhaill foirne acadúla. Bhí poist mar Ollúna agus mar Chomhaltaí Ollscoile i gceist. Rinne gach iarrthóir iarratas tríd publicjobs.ie agus trí bhainistíocht PAS den phróiseas iarratais.
- ◇ Próiseáladh os cionn 2,000 iarratas do phoist mar altraí foghlama 'lánfhásta' ar son an Lárionaid um Ghairmeacha Altranais.
- ◇ D'oibrigh PAS leis na Fórsaí Cosanta maidir le tástáil shíciméadrach a thabhairt isteach d'earcaíocht do dhaltáí agus d'earcaíocht ag leibhéal iontrála sa Chabhlach. Léiríonn torthaí na dtástálacha go bhfuil siad measartha cruinn ó thaobh feidhmithe de sna ról sin. Reáchtáil PAS staid 1 (tástáil ar 898 iarrthóir) sa bhliain 2011 agus tugadh amach torthaí agus aiseolas. Chomh maith le sin rinne PAS forbairt ar inniúlachtaí do phoist mar Mhaor-Ghinearál agus mar Bhriogáidire-Ghinearál mar chuid do thionscadal chun earcaíocht bunaithe ar inniúlacht a thabhairt isteach ag gach leibhéal sna Fórsaí Cosanta.
- ◇ Rinne PAS obair ar thionscadal anailís poist do Staitisteoir sa Phríomh-Oifig Staidrimh. Ceapadh dhá chóras inniúlachta; ceann amháin d'earcaíocht agus an dara ceann d'fhorbairt sa ról mar Staitisteoir.
- ◇ Rinne PAS anailís poist ar na gráid mar Léachtóir Sinsearach agus mar Léachtóir in OÉ Gaillimh. Cuireadh na hinniúlachtaí a sainaitníodh chuig OÉ Gaillimh le húsáid sa phróiseas roghnaithe do na poist seo.
- ◇ Thosaigh an Anailís Poist do Ghrád 4 in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2011 agus thug baill foirne PAS comhairle ina leith.
- ◇ Thug PAS comhairle agus cabhair nuair a hiarradh é d'fhorais san earnáil phoiblí a bhí ag déanamh a n-earcaíochta féin

agus tugadh Oiliúint faoi Agallaimh agus áiseanna agallaimh fosta.

Seirbhísí Eile

Suirbhéanna Foirne d'Eagraíochtaí na gCliant

Don tríú bliain rinne PAS suirbhé foirne do Sheirbhís na gCúirteanna; Rinne PAS suirbhéanna foirne freisin don PRAI agus don Roinn Iompair.

Tionscadal an Lárionaid Náisiúnta Coinneála do Leanáí

Iarradh ar PAS tionscadal 'Athchóiriú Struchtúr Bainistíochta' a reáchtáil sa Lárionad Náisiúnta Coinneála, Oberstown, Lusca ar son Seirbhís na hÉireann um Cheartais i leith an Aosa Óig. Críochnaíodh an tionscadal agus cuireadh tuairisc dheiridh chuig an chliant.

Oiliúint d'Fheidhmeannaigh

Cuireadh tús le tionscadal oiliúna d'fheidhmeannaigh leis an Fhoireann Bhainistíochta i Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Tugadh tacaíocht oiliúna feidhmeannaigh do roinnt ardfheidhmeannach a ceapadh le déanaí.

Seirbhís Earcaíochta Feidhmeannaigh a fhorbairt

D'fhorbair agus thug an fhoireann um Chuardach Feidhmeannaigh tacaíocht do os cionn 40 feachtas ó bunaíodh é i mí na Bealtaine 2011.

Rinneadh taighde in earnálacha éagsúla tionsclaíochta chun teacht ar iarrthóirí a bheadh fóirsteanacha do phoist. Bunaíodh caidreamh le roinnt eagraíochtaí agus le cumainn agus dá bharr is féidir le PAS na gréasáin seo a úsáid chun róil a aibhsiú.

Cé gur dhírigh an fhoireann Chuardaigh go háirithe ar thacaíocht a thabhairt d'fheachtais shinsearach, táthar ag úsáid an mheáin dhigitigh mar shlí nach bhfuil costasach chun eolas a chur ar fáil faoi phoist mheánbhainistíochta.

Leanann an fhoireann ag taifeadadh na bpróiseas cuardaigh agus tá siad ag tógáil bunachar sonraí eolais atá ina chuidiú níos mó diaidh ar ndiaidh chun iarrthóirí maithe a shainaithe.

Uirlisí agus Modhanna Roghnaithe a Fhorbairt

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun tosaigh maidir le modhanna nua a úsáid le hiarrthóirí a mheas do phoist sa tSeirbhís Phoiblí agus úsáid a bhaint astu chun feabhas a chur ar an bpróiseas earcaíochta. Ghlac an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le timthriall feabhsaithe leanúnach maidir le modhanna measúnaithe agus tá sé mar aidhm acu leabharlann chuimsitheach de thástálacha a fhorbairt a thacóidh le clár earcaíochta atá an-solúbtha. Dá bharr sin tharla forbairtí sna réimsí seo sa bhliain 2011: athbhreithnithe ar fheachtais, forbairt tástála.

Anailís Poist d'Oifigeach Cléireachais

Faoi láthair tá sonraíocht, cur síos agus creat inniúlachta ar leith do na réimsí éagsúla. Cuireadh tús le hanailís ar an phost mar Oifigeach Cléireachais in 2011 chun an t-eolas ar fad a chur le chéile chun go mbeidh creat inniúlachta amháin do phoist chléireachais sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí in Éirinn.

Cleachtadh Postaitrise a Fhorbairt don Gharda faoi Oiliúint

Eagraíodh ceardlanna le Gardaí éagsúla agus lena linn sin forbraíodh 50 cás agus ceisteanna leo a úsáidfear mar bhonn do Chleachtadh Postaitrise nua don Gharda Síochána. Rinneadh trialacha i mí Mheán

Fómhair agus tá na cleachtaí réidh le húsáid anois.

Stór Ceisteanna Tástála do Réasúnaíocht Theibí a Fhorbairt

Tomhaiseann triail Réasúnaíochta Teibí an cumas réasúnaíocht loighciúil agus solúbtha a dhéanamh. Tá na nithe ata á bhforbairt faoi láthair dírithe ar iarrthóirí ag leibhéal iontrála. Laghdóidh seo an gá atá le foilsitheoirí tástálacha seachtracha agus beifear in ann tástálacha níos saoire a dhéanamh.

Cleachtadh Measúnaithe E-tray a Fhorbairt

Is ionann cleachtadh e-tray agus leagan leictreonach de chleachtadh in-tray. Sampla de chleachtadh oibre atá ann a dhéanann aithris ar thascanna an róil a bhfuil an t-iarrthóir ag déanamh iarratais air. Cuirfear an córas atá á fhorbairt faoi láthair i bhfeidhm in ionad an chórais páipéir atá ann faoi láthair.

Uirlisí Sortála Ar líne

Cheap PAS dhá cheistneoir sortála ar líne le húsáid ag leibhéal Cléireachais agus d'Oifigeach Riaracháin. Ceapadh na ceistneoirí seo don ról ar leith i gceist agus tá sé mar aidhm acu na príomhscileanna agus cáilíochtaí a theastaíonn chun an ról a chomhlíonadh chomh maith le cumas an iarrthóra i dtaca le gníomhaíochtaí cuí a aithint maidir leis na gnáthchásanna a tharlódh sa phost. Tá an riarachán ar líne do na róil seo an-éifeachtach chun measúnú a dhéanamh ar líon mór iarrthóirí agus roghnaítear na daoine is oiriúnaí chun dul ar aghaidh chuig an chéad chéim eile den bpróiseas earcaíochta.

Córas Féinmheasúnaithe ar líne

Forbraíodh córas féinmheasúnaithe ar líne chun gur féidir le hiarrthóirí tástálacha cleachtaidh iomlána a dhéanamh a bhfuil an deacracht céanna leo agus na

tástálacha a úsáidtear d'earcaíocht. Is féidir leis an iarrthóir na tástálacha a dhéanamh in ord ar bith, aiseolas a fháil faoi thorthaí agus athbhreithniú a dhéanamh ar na freagraí cearta. Is féidir leis an iarrthóir teacht ar na tástálacha am ar bith agus is féidir cleachtadh a dhéanamh am ar bith. Tá na tástálacha féinmheasúnaithe iomlán rúnda. Tá tacair iomlána de thástálacha féinmheasúnaithe againn do phoist Chléireachais, d'Oifigeach Feidhmiúcháin agus do Chéimithe. Táthar ag súil go gcuideoidh seo le hiarrthóirí nach bhfuil chomh hoiriúnach sin chun iad a féin a bhaint amach as an phróiseas earcaíochta rud a fhágfaidh iarrthóirí ar chaighdeán níos airde.

Dílárú – An Lárshaoráid Iarratais (LI)

Le linn na bliana lean an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar aghaidh ag cuidiú leis an Roinn Airgeadais maidir le hiarratais ar dhílárú a bhailiú faoin chlár díláraithe. Mar gheall ar thuarascálacha agus staitisticí a cruthaíodh, bhí an oifig in ann a chinntiú go raibh ranna agus oifigí aonair in ann a gcláir díláraithe féin a chur chun cinn go héifeachtach.

Monatóireacht a dhéanamh ar ár Seirbhís do Chustaiméirí

Forbairt an Phlean Gníomhaíochta nua do Chustaiméirí

Seoladh ár bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí do 2011-2013 sa bhliain 2011. Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta nua agus an Chairt agus é bunaithe ar aiseolas ó bhaill foirne agus ó chustaiméirí (trí shuirbhéanna, ceardlanna, painéil custaiméirí agus cártaí custaiméirí). Shínigh an Coiste Comhpháirtíochta agus Bord PAS an Plean Gníomhaíochta agus an Chairt.

Cur i bhFeidhm an Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí

Ón bhliain 2005 tá clár cuimsitheach measúnachta i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar ár gcaighdeáin éagsúla seirbhíse a fhoilsítear in ár bplean gníomhaíochta do chustaiméirí. Le linn 2011 eisíodh suirbhéanna cuimsitheacha seachtracha agus ar líne d'iarrthóirí agus do bhaill foirne.

• Suirbhé na nIarrthóirí

Le linn na bliana chomhlíon os cionn 1800 iarrthóir suirbhé iarrthóra faoi leibhéal na seirbhíse a thugann an oifig dóibh. Léirigh an t-aiseolas go raibh custaiméirí an-sásta leis an fhógra a fuair siad roimh mheasúnú, am feithimh do thorthaí agus leis an teanga a húsáideadh i gcumarsáid.

▪ Nótaí Tráchtá na gCustaiméirí

Sa bhliain 2011 scrúdaigh muid na nótaí tráchtá ar fad a comhlíonadh agus chuir muid moltaí ar aghaidh chuig na rannóga cuí chun iad a phlé.

Sa mhéid is go n-aithnítear nach dtagann toradh ann féin ó shuirbhéanna, ó phainéil agus ó mhonatóireacht leanúnach, chuir an eagraíocht plean gníomhaíochta i bhfeidhm

in 2011 chun tabhairt faoi cheisteanna a tháinig chun cinn sna suirbhéanna éagsúla. Cuireadh seirbhísí breise ar fáil d'iarrthóirí agus do chliant in 2011 mar thoradh ar aiseolas ó chustaiméirí mar a luaitear thíos.

Iarrthóirí

Cuireadh feabhas leis an phróiseas iarratais ar líne agus forbraíodh an suíomh gréasáin chun seirbhísí breise a chur ar fáil d'iarrthóirí.

Cliant

Cuireadh réimse seirbhísí breise ar fáil do chliant lena n-áirítear oiliúint d'anailís poist, cuidiú le hardú céime inmheánach agus seirbhísí comharliúcháin ar leith do chliant áirithe. Bunaíodh an tseirbhís a soláthraíodh ar aiseolas ó chliant i dtaca lena gcuid riachtanas.

Lean muid ar aghaidh leis an oiliúint d'agallóirí i rith 2011.

Chuir muid ár n-áiseanna ar fáil do chliant éagsúla lena n-áirítear FnaSS agus an Binse Comhionannais.



SPRIOC 2
BAINISTÍOCHT AN CHAIDRIMH DÍRITHE AR AN
IARRTHÓIR

Bainistíocht an Chaidrimh Dirithe ar an Iarrthóir

Seirbhís a shásóidh agus a sháróidh ionchas, a chur ar fáil d'iarrthóirí ar phoist san earnáil phoiblí.

Tá sé tábhachtach a bheith in ann teacht ar iarrthóirí ar ardchaighdeán agus tuigimid an tábhacht a bhaineann le bainistíocht ghairmiúil a dhéanamh ar an chaidreamh tábhachtach seo. Chuir muid cúpla tionscnamh nua i bhfeidhm agus d'fhorbair muid ár gcórais agus ár seirbhísí chun go mbeadh eolas agus teagmháil phearsanta ar ardchaighdeán ar fáil chun go spreagfar iad smaoineamh dáiríre ar ghairm sa tseirbhís phoiblí.

Publicjobs.ie a Fhorbairt

Rinneadh roinnt leasuithe ar publicjobs.ie le linn 2011 a chabhraigh le custaiméirí PAS. Tá níos mó eolais fúthu ar leathanach 25.

Lean an laghdú suntasach i méid na bhfógraí nuachtáin a cuireadh isteach agus sna hiarratais ionchasacha a cuireadh chuig publicjobs.ie. Cé gur sábháladh a lán airgid dá bharr seo níor chuir sé isteach ar líon nó ar chaighdeán na n-iarratas a fuarthas.

Spreagadh comhlachtaí seirbhíse poiblí eile úsáid a bhaint as publicjobs.ie chun aon fholúntas a bheadh acu a fhógairt. Bhain earnáil an oideachais tríú leibhéal agus institiúidí an AE a lán úsáide as an tseirbhís seo.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tionscnaimh a bhaineann le Comhionannas agus Éagsúlacht

Cuireadh ról an Oifigigh Teagmhála Míchumais chun cinn i rith na bliana agus eagraíodh cruinnithe le gach ball foirne faoi mhíchumas.

Monatóireacht

Bhuail ár gCoiste Monatóireachta Comhionannais / Rochtana le chéile i rith na bliana chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh riachtanas sna cásanna seo: an tAcht Míchumais, ár bPolasaí

Comhionannais agus Éagsúlachta agus an Cód Cleachtas maidir le Fostaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tugadh tuairiscí maidir le riachtanais an Achta Míchumais agus an Pholasaí Comhionannais agus Éagsúlachta a chomhlíonadh, don choiste agus do dtí seo comhlíonadh go hiomlán gach gné den dá cheann. Ní bhfuarthas aon ghearán nó aon fhiosrúchán maidir le slí isteach go dtí seo. Rinneadh gach foilseachán i bhformáid a bhfuil fáil orthu mar ba ghá.

Comhlíonadh Teangacha Oifigiúla

Cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge mar atá léirithe sa scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. De réir ár Scéime, d'fhoilsigh muid gach foilseachán agus léirigh muid gach póstaer i nGaeilge agus i mBéarla. Choinnigh muid liosta de bhaill foirne a bhí in ann seirbhís a sholáthar don phobal trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

A large teal abstract graphic with a white lightning bolt shape on the left side. The text is positioned on the right side of the teal area.

SPRIOC 3

Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil

Oideachas, Taighde, Forbairt agus Tagarmharcáil

A chinntiú go bhfuil seirbhís oideachais agus taighde i bhfeidhm a sholáthróidh eolas cuí agus úsáideach a chuirfidh leis an bhunachar eolais a bhaineann le hacmhainní daonna sa tseirbhís phoiblí.

Aithníonn PAS an gá atá le bheith chun cinn maidir le nósanna earcaíochta agus roghnaithe, treoir a thabhairt ar dhea-cleachtas agus ár saineolas a roinnt le cliant agus le páirtithe leasmhara eile.

Toscaireachtaí ar cuairt

Le linn na bliana ghlac an oifig le hiarratais ó eagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta maidir le cuairt a thabhairt ar ár n-áiseanna agus tuilleadh eolais a fháil faoin tslí a ndéanaimid earcaíocht agus roghnú.

Tagarmharcáil Idirnáisiúnta

Aithníonn PAS an gá atá le comparáid a dhéanamh go rialta idir a gníomhaíochtaí agus ceannródaithe aitheanta eile i réimse na hearcaíochta agus roghnaithe. Trí bheith ag foghlaim ó eagraíochtaí eile is féidir clár leanúnach feabhais a chothabháil san oifig. Le linn 2011 lean muid den phróiseas comparáide seo trí theagmháil fhoirmiúil idir an oifig seo agus ár gcomhghleacaithe sna tíortha seo:

- Tuaisceart Éireann
- An Bhreatain Mhór
- An Bheilg
- Ceanada

Saineolaí Náisiúnta leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO)

Choinnigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Saineolaí Náisiúnta ag obair le EPSO sa Bhruiséil sa chéad leath den bhliain 2011. Cé gur infheistíocht shuntasach ab ea é don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, aithníonn sé an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil ionadaíocht mhaith ag Éirinn san Aontas Eorpach sa Bhruiséil.

Príomhláithreoirí ag Comhdhálacha Náisiúnta / Idirnáisiúnta

Lean an oifig ag scaipeadh torthaí taighde chomh maith le heolas agus saineolas earcaíochta ar leith ag comhdhálacha éagsúla.

Tacaíocht d'Athimlonnú

Rinneadh obair shuntasach ar Uirlis Athimlonnaithe a fhorbairt. D'fhorbair PAS dréacht atá anois faoi athbhreithniú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léireofar an doiciméad ar Publicjobs.ie.

A large teal abstract graphic with a white lightning bolt shape on the left side, containing the title text.

Straitéisí Tacaíochta Innheánacha

Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide

Aithníonn PAS cé chomh tábhachtach atá Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide maidir le seirbhísí a fhorbairt agus a chothabháil, chun tacaíocht a thabhairt agus a chuirfidh leis an bhrú ar ghnó faoi láthair agus amach anseo.

Príomhfheidhm Earcaíochta a Fhorbairt

Tugadh ár bpríomhfheidhm earcaíochta isteach i Samhain 2009 agus rinneadh forbairt shuntasach air le linn 2011, agus dá bharr baineadh an úsáid is fearr as acmhainní inmheánacha tástála agus oiliúna. Léiríonn anailís neamhspleách gur chuir baill foirne, cliaint agus iarrthóirí fáilte roimh an fheidhm agus go gcuireann sé feabhas mór ar an dóigh a ndéanann muid ár ghnó. Cuireadh feabhas ar na nithe seo:

- Modúl chun daoine atá ar scor a ghlac leis an scéim ISER, a bhainistiú.
- Bunaíodh córas bainistíochta speisialta earcaíochta do chomórtas DNCO de chuid FnaSS. San áireamh bhí foirm iarratais speisialta ar líne, torthaí bainistíochta agus tairseach leasaithe do chliaint chun gur féidir le baill foirne FnaSS iarratais agus tuairiscí a mheas taobh amuigh d'oifigí PAS.
- Tógadh foirm gréasáin ar leith d'fheachtas Altra Foirne de chuid FnaSS.
- Críochnaíodh an bunachar sonraí agus an t-iarratas a chuireann ar chumas eagraíochtaí, baill d'Athimlonnú a chur isteach / a athrú agus a chuardach.
- Tógadh leathanach chun gur féidir le cliaint a bhfógraí féin a fhoilsiú ar publicjobs.ie.
- Cuireadh sreabhadh oibre i bhfeidhm d'fhostaithe. Cuireann an córas i gcuimhne d'oibríthe nuair atá tascanna le bheith críochnaithe.

(m.sh. íocaíochtaí do Bhaill na mBord).

- Tógadh boghta comhad chun gur féidir le cliaint comhaid mhóra a chur nó a fháil go sábháilte le PAS.
- Tógadh suíomh gréasáin úr agus cuardach poist agus modúl iarratais do StateBoards.ie.

Córas Athimlonnaithe

I mí na Samhna 2010 dúradh le hOifig Phearsanra sa Státseirbhís gur ceapadh PAS chun córais agus próisis a bhunú chun bainistíocht a dhéanamh ar úsáid na n-acmhainní idir eagraíochtaí sa tSeirbhís Phoiblí. Tugadh cuireadh do Ranna, sonraí faoi bhaill foirne a roghnaíodh le bheith ar fáil d'athimlonnú chuig bunachar sonraí an phainéil acmhainní a d'fhorbair PAS. Is féidir le gach roinn teacht ar an bhunachar sonraí tríd thairseach cliaint ar STAR agus tá siad freagrach as na sonraí sin a uaslódáil agus a uasghrádú.

Feabhsú Ginearálta agus Torthaí TE

Seoladh tionscnaimh shuntasacha sa bhliain 2011 a raibh sé mar aidhm acu an príomhghréasán TFC agus infreastruchtúir chun sonraí a stóráil, a leasú agus a fheabhsú. Críochnaíodh uasghrádú ar chruaearraí agus ar infreastruchtúir phríomhlasc an ghréasáin agus an bhalla dóiteáin le linn 2011. Críochnaíodh pleanáil, dearadh agus soláthar na staideanna chun Líonra Limistéar Stórála (SAN) na hoifige a athrú. Tá an tionscadal seo á chur i bhfeidhm agus beidh réiteach

iomlán sábháilte i bhfeidhm roimh dheireadh mhí an Aibreáin 2012 rud a chinnteoidh go mbeidh ár riachtanais stórála ag ár n-ionad i Sráid na Mainistreach sásúil don chúig bliana romhainn. Lean muid dár straitéis maidir le bail fíorúil a chur ar ár réimse friothálaithe trí roinnt seirbhísí fíor-riachtanacha a aistriú chuig an ardán fíorúil le linn 2011. Leanfar ar aghaidh leis an straitéis seo, rud a ísleoidh costas i dtaca le cumhacht, fuarú agus conarthaí cothabhála agus beidh seo mar chuid lárnach dár dtiomantas a bheith níos glaise maidir le TE.

Tá muid aireach i gcónaí maidir le slite a lorg chun an úsáid is fearr a bhaint as na socruithe reatha atá againn le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le seirbhísí comhroinnte; bhí infreastruchtúr shuíomh gréasáin publicjobs.ie lonnaithe le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim le linn 2011; socraíodh go gcoinneodh siad ár n-infreastruchtúr TEC d'athshlánú ó thubaiste mar chuid de sheirbhísí comhroinnte agus sábháladh tuilleadh airgid dá bharr.

Ní amháin gur chomhlíon Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim na riachtanais coinneála don tseirbhís seo ach chuir siad an spás stórála a bhí riachtanach chun an réimse seo a bhunú ar fáil. Tá an chéad staid den infreastruchtúr d'athshlánú ó thubaiste beagnach críochnaithe anois agus tá rogha maidir le teipistriú i bhfeidhm do sheirbhísí ríomhphoist. Déanfaimid iarracht ár seirbhísí a mhéadú ag ár suíomh d'athshlánú ó thubaiste le linn 2012.

Dea-chleachtas na nAcmhainní Daonna agus Tacaíocht do Bhaill Foirne

Comhpháirtíocht

Tarlaíonn an cur chuige maidir le hathruithe, cinní a dhéanamh, tiomantas an fhostaí agus cumarsáid san Oifig trí Chomhpháirtíocht. Rinneadh athbhreithniú ar bhallaíocht na Comhpháirtíochta le linn na bliana lena chinntiú go raibh ionadaíocht ann do gach réimse, agus thóg roinnt ball nua ballaíocht dá bharr. Lena chinntiú go bhfeidhmeoidh an Comhpháirtíocht go héifeachtach ar bhun leanúnach aontaíodh ar Phlean Gníomhaíochta Comhpháirtíochta agus cuireadh i bhfeidhm é i rith na bliana.

Oiliúint agus Forbairt

Lean muid ar aghaidh dár dtiomantas d'oiliúint, do shaineolas na mball foirne a fhorbairt a thuilleadh agus d'fhorbairt ghairmiúil ar bhun leanúnach.

Mhol an Comhpháirtíocht an Plean Foghlama agus Forbartha don eagraíocht. Is iad seo thíos roinnt de na hidirghabhálacha oiliúna a cuireadh ar fáil le linn 2011.

- Tástáil Shíciméadrach (i dtomhas pearsantachta agus maidir le héirim mhothúchánach agus tiomantas a thomhas)
- Réimse oiliúna a bhaineann le TE (m.sh. word, excel)
- Oiliúint faoi Aiseolas faoi Fheidhmíocht
- Oiliúint do Bhainisteoir Líne
- Oiliúint do Choiste Sláinte agus Sábháilteachta

Tugadh tacaíocht do bhaill foirne maidir le cáilíochtaí gairmiúla/oideachais a bhaint amach tríd an scéim um aisíoc táillí. Chomh maith le sin spreagadh baill foirne a bheith ar an eolas faoi fhorbairtí reatha ina réimse gairmiúil féin trí bhallaíocht i

bhforais ghairmiúla agus d'fhoilseacháin ábhartha.

Clár Folláine

De réir pholasaí na hoifige maidir le cuidiú le baill foirne i dtaca le ceisteanna a bhaineann le caighdeán beatha, chríochnaigh muid clár eile sa sraith Clár Folláine le linn 2011. Bhí na nithe seo san áireamh:

- ◇ Seisiúin eolais faoi Chroí Folláin, Scileanna Airgeadais Saoil agus Eolas do Shaoránaigh
- ◇ Dúshlám Siúil ceithre seachtaine agus ocht seachtaine agus Pilates ag am lóin
- ◇ Scrúduithe sláinte ó Oifig an Phríomhdhoctóra

Bainistíocht Feidhmíochta

Leanadh le cur i bhfeidhm agus comhtháthú an CBFF (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta) in obair na hoifige in 2011. Cuireadh oiliúint maidir le measúnú éifeachtach agus cothrom a dhéanamh ar fáil do gach ball foirne agus fuarthas aiseolas an-dearfach ó bhaill foirne faoin oiliúint seo. Chinntigh Foireann Bailmheasa CBFF gur comhlíonadh an próiseas CBFF, rinne siad athbhreithniú ar nósanna imeachta reatha agus chinntigh siad cothromaíocht agus leanúnachas maidir le grádú feidhmíochta.

Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne

Rinne muid Suirbhé ar Dhearcadh na Foirne agus bhí na torthaí an-dearfach. Reáchtáladh ceardlann le foghrúpa den Choiste Comhpháirtíochta agus forbraíodh Plean Gníomhaíochta (agus cuireadh é i

bhfeidhm) chun déileáil le ceisteanna a tháinig as.

Leibhéal Foirne

Ó tugadh isteach moratóir an Rialtais ar Earcaíocht agus Ardú Céime, tá athrú suntasach i méid agus i gcineál na ngníomhaíochtaí earcaíochta a rinne PAS ar son na gcliant. Mar thoradh ar na hathruithe seo rinne an Coiste Comhairleach Bainistíochta, i gcomhar leis an mBord,

tréan-iarracht líon na mball foirne agus costas a laghdú. Ag an am céanna rinne PAS gach iarracht riachtanas na gcliant a shásamh maidir le hearcaíocht agus le seirbhísí gaolta eile.

Mhéadaigh an eagraíocht a réimse go mór trí sheirbhísí a sholáthar do níos mó cliant sa tseirbhís phoiblí. Faoi dheireadh na bliana 2011, laghdaíodh líon na mball foirne go dtí 91. Chun é seo a bhaint amach níor líonadh folúntais agus cuireadh baill foirne ar iasacht chuig eagraíochtaí eile sa tseirbhís phoiblí.

Airgeadas agus Rialachas Corparáideach

Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Ceapadh Bord nua i mí Mheán Fómhair 2011 (agus bhí cruinniú acu dhá uair). Bhuail an Bord roimhe seo le chéile i mí Eanáir; chríochnaigh a dtéarma i mí Feabhra. Thug an Bord aird ar leith ar cheisteanna a bhaineann le feidhmíocht ar phríomhthosaíochtaí straitéiseacha, rialáil airgeadais agus bainistíocht riosca. Tugadh tuairiscí mionsonraithe faoi ghníomhaíochtaí agus airgeadas agus nuashonruithe faoi rioscaí agus iniúchadh inmheánach agus faoi dhul chun cinn maidir lenár bpríomhspricanna straitéiseacha don Bhord ag gach cruinniú.

Tugadh beart suntasach eolais do Bhaill an Bhoird agus ghlac siad páirt in oiliúint maidir le Rialachas Corparáideach i mí na Nollag.

Iniúchadh Inmheánach

Bhuail an Coiste Iniúchta Inmheánaigh le chéile trí huair le linn 2011.

Tugadh na tuairiscí seo don Choiste le linn na bliana:

- Taisteal agus Cothú
- Párolla
- Bainistíocht Sócmhainní
- Bainistíocht Riosca

Bainistíocht Riosca

Tá sé tábhachtach a chinntiú, más féidir, go n-aithnítear gach riosca agus go ndéantar beart chun an tionchar a tharlódh a mhaolú agus mar sin leanadh le cruinnithe den Ghrúpa um Bainistíocht Riosca le linn 2011.

Cuireadh seisiún eolais faoi riosca i láthair le linn an 'Lá Eolais faoi Ghnó' i mí na Nollag.

Rinneadh athbhreithniú fosta faoin Chlár um Riosca Corparáideach ag a gcruinniú i mí Mheán Fómhair.

Rialachas Tionscadail


Gné thábhachtach de rialáil chorparáideach sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí is ea tionscadail straitéiseacha a bhainistiú go gníomhach lena chinntiú go bhfaightear an luach agus na torthaí is fearr as gach tionscadal a sheoltar. Tá an obair a dhéanann an Bord Tionscadail agus an Oifig Tionscadail Inmheánaigh lárnach sa mhéid seo. Tá an Bord Tionscadail freagrach as súil a choinneáil ar gach tionscadal straitéiseach san oifig agus as monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na n-acmhainní atá á soláthar agus an dul chun cinn atá a dhéanamh.

Soláthar

Tógann an oifig treoir ó Threoiríníte agus Polasaithe um Sholáthar Poiblí a fhoilsíonn an tAonad Soláthair sa Roinn Airgeadais. D'fhorbair an tOifigeach Soláthair, Plean Soláthair Corparáideach chun treoir straitéiseach a thabhairt maidir le ceannach, chun luach ar airgead a fháil agus chun soláthar éifeachtach agus spricanna corparáideach PAS a bhaint amach.

Gaolmhaireacht leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP)

Gnáth-chuid de ghnó na hearcaíochta san earnáil poiblí is ea na hiniúcháirí



seachtracha. Seachas scrúdú bliantúil d'ár n-airgeadas a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, bíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i dteagmháil go rialta leis an CCSP maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar a cuid feachtas earcaíochta maidir leis na caighdeáin a fhoilsítear sna Cóid Chleachtais atá foilsithe.

Cuireann an oifig fáilte roimh na hiniúchtaí neamhspleácha seo lena chinntiú go gcoinnítear caighdeáin arda i ngach gné de ghnó na hearcaíochta.



AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1

	Líon Iomlán na nIarratas a Fuarthas	Líon a Chuaigh faoi Agallamh	Líon a Sannadh / Moladh
Státseirbhís			
Earcaíocht Shealadach Chléireachais	13,268	1,517	982
Riarachán	186	14	2
Ardbhainistíocht agus Gairmiúil	1,121	290	50
Iomlán	14,575	1,821	1,034
Údaráis Áitiúla			
Údaráis Áitiúla	393	144	11
Earnáil Sláinte	6,680	1,958	214
Iomlán	7,073	2,102	225
Cúltaca an Gharda Síochána			
	662	540	427
Ceapacháin chuig comhlachtaí poiblí taobh amuigh de chúram an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíochta agus Ceapacháin) 2004			
Teagasc	908	225	45
HIQA	27	0	1
Boird Stáit	469	-	-
Earnáil Oideachais	44	24	4
Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí eile	244	77	10
Iomlán	1,692	326	60
Coiste Ceapachán Ardleibhéil			
	Líon Iomlán na nIarratas a Fuarthas	Líon a cuireadh faoi agallamh	Líon na bhfeachtas a críochnaíodh
	798	237	23
Seirbhísí Roghnaithe/Tástála a Soláthraíodh			
	Líon Iomlán na nIarratas a Fuarthas	Líon a Tástáladh	
Údaráis Áitiúla	660	327	
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	3,209	236	
Altranas do Dhaoine Fásta	2,222	1,619	
Fórsaí Cosanta	1,004	898	
Iomlán	7,095	3,080	
Seirbhísí Bainistíochta Fógartha agus Iarratais a Soláthraíodh			
	Líon Iomlán na bhFeachtas	Líon Iomlán na nIarratas a Fuarthas	
OÉ Gaillimh	85	1,246	
OÉ Maigh Nuad	32	1,116	
Treoraithe Séasúracha	1	823	
Iomlán	118	3,185	
Foriomlán	Líon na nIarratas 35,080	Líon a cuireadh faoi agallamh 5,026	Líon a Sannadh/ Moladh 1,746

AGUISÍN II

Torthaí Shuirbhéanna na nIarrthóirí agus de Chaighdeáin eile na Seirbhíse

Torthaí Shuirbhé na nIarrthóirí

Fógra a Fuarthas	Freagra Dearfach – Ráta	Freagra Diúltach – Ráta
Sástacht le fógra roimh ré maidir le tástáil	91%	9%
Leabhrán Taithíochta ar fáil ar an suíomh gréasáin in am	91%	9%
Sástacht le torthaí a fháil in am	90%	10%
Sástacht le fógra roimh ré maidir le hagallamh	84%	16%
Sástacht le torthaí agallaimh a fháil in am	80%	20%
Freagra ar Achainí		
Freagra scríofa taobh istigh de 3 lá	66%	23%
Freagra iomlán taobh istigh de 10 lá	66%	25%
Comhfhreagras ar fad i dteanga shoiléir agus shimplí	85%	15%
Sástacht le caighdeán an aiseolais faoi agallamh a fuarthas	65%	35%
Plé le Baill Foirne		
Bhí baill foirne múinte	69%	4%
Bhí baill foirne eolach	64%	7%
Bhí baill foirne ina gcuidiú	69%	7%
Bhí baill foirne éifeachtúil	66%	10%
Suíomh gréasáin:		
Soiléir	70%	9%
Éasca a úsáid	82%	16%
Caighdeán an eolais	74%	11%

Caighdeáin Seirbhíse eile a Baineadh Amach in 2011

Seirbhís	Caighdeán	Torthaí a Fuarthas
Chliant		
Baill foirne a sholáthar ar iarratas do Chliant	Painéil in áit do gach grád i seirbhís ghinearálta do 80% d'ionaid	Painéil in áit do OC, OF agus OR Níor tharla aon fheachtas idir-rannach mar gheall ar mhoratóir
Sannadh chuig poist Ardbhainistíochta agus Ghairmiúla/Theicniúla	80 % d'fheachtais le críochnú taobh istigh den amscála a haontaíodh leis an Chliant (mar chuid de Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse) Folúntais le líonadh maidir le 95% d'fheachtais	Baineadh amach – (<i>seachas cásanna an-chasta do chomhairligh leighis ina raibh fadhb le cead a thabhairt</i>) Baineadh amach
Seirbhísí earcaíochta agus roghnaithe gaolta eile (m.sh. Anailís Poist, páirt-earcaíocht agus roghanna roghnaithe)	Achar ama le socrú leis an Chliant ar iarratas mar chuid de Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse.	Baineadh amach
Gach Custaiméir		
Suíomh gréasáin – publicjobs.ie atá fóirsteanach, ar fáil agus eolach a sholáthar	Ar fáil 99% den am; Seirbhís ar ais taobh istigh de 2 uair a chloig ó fuarthas amach go raibh sé as ord	Baineadh amach
Sár-sheirbhís a chur ar fáil do gach grúpa atá faoi Reachtaíocht Comhionannais agus d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu	Gach feachtas le déanamh de réir dea-chleachtais i dtaca le comhionannas agus éagsúlacht.	Baineadh amach

AGUISÍN III

Achomhairc

Achomhairc ag Leibhéal Dhifriúla in 2011

		<i>Líon a Fuarthas</i>
Céad Athbhreithniú:	PAS Leibhéal 1	9
	PAS Leibhéal 2	34
Eadránaí Cinnidh	PAS Leibhéal 3	6

AGUISÍN IV

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2011

Is iad téamh/ soilsiú agus uisce a chur ar fáil in ár n-oifig in Áras na Caibidle is mó is cúis le fuinneamh a úsáid sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Sa bhliain 2011, d'úsáid PAS 895.52 MWh fuinnimh mar seo:

741.5 MWh leictreachais;
154.02 MWh de bhreosla iontaise;
0 MWh de bhreosla in-athnuaite;

Gníomhaíochta a Rinneadh in 2011

Sa bhliain 2011 rinne PAS iarracht feabhas a chur le húsáid fuinnimh mar seo a leanas:

- Baill foirne a chur ar an eolas faoi fuinneamh a shábháil trí ábhar fógraíochta agus trí chruinnithe eolais.
- Súil ghéar a choinneáil agus srian a chur ar úsáid fuinnimh lena n-áirítear rialaitheoir an chórais téimh a oibriú de láimh.

D'éirigh le PAS 366.16 MWh a shábháil mar seo agus trí shlite eile in 2011.

Gníomhaíochtaí atá pleanáilte do 2012

Tá sé beartaithe ag PAS feabhas a chur le feidhmiú fuinnimh in 2012 mar seo a leanas:

- An plean gníomhaíochta um shábháil fuinnimh a chur i bhfeidhm go hiomlán.
- Baill foirne a choinneáil ar an eolas ar bhun leanúnach maidir le fuinneamh a shábháil.
- Leanúint de láimh ag stiúradh an chórais téimh go dtí go mbeidh córas bainistíochta foirgnimh i bhfeidhm.

AGUISÍN V

CAITEACHAS

Tá ár gcaiteachas don bhliain 2011 leagtha amach thíos:

		€000
A1	Costas Foirne	
(i)	Tuarastail, pá agus liúntais	4,636
A2	Forchostas	
(ii)	Taisteal agus cothú	92
(iii.)	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	121
(iv)	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	158
(v)	Fearas oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,222
(vi)	Costais áitreabh gnó	348
(vii)	Seirbhísí comhairleacha agus luach ar airgead agus athbhreithnithe faoi bheartas	175
(viii)	Lóistín, fógraíocht agus páipéir thástála a cheannach agus a phriontáil	264
(ix)	Agallaimh agus costais éagsúla do chomórtais	423
	Comhlán	7,440
B	Leithghabháil i gCabhair (Tobhach Pinsin san áireamh)	<u>520</u>
		<u>6,920</u>

Ar an 7 Lúnasa 2002 tháinig Rialacha an Aontais Eorpaigh 2002 (Íocaíochtaí Déanacha maidir le hIdirbhearta Tráchtála) i bhfeidhm agus laghdaíodh líon na laethanta chun éilimh a íoc ó 45 lá go dtí 30 lá. In 2011 bhí 17 gcás nuair nach ndearnadh íocaíocht taobh istigh den am a bhí ceadaithe. Íocadh €160 úis mar phionós san iomlán.

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Áras na Caibidle
26 – 30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1
Éire.

Teileafón: + 353 1 858 7400

Facs: + 353 1 858 7500

Ríomhphost: info@publicjobs.ie